**Cás A:**

Tá Frank i rang na Naíonáin Shinsearacha i scoil bheag tuaithe. Le cúpla mí anuas, tá Liam, buachaill i rang na Naíonáin Shóisearacha, luaite ag Frank. Roimhe seo, thaitin sé go mór le Frank freastal ar scoil agus de ghnáth bhí sé ag léim le háthas agus é ag dul isteach ar scoil gach lá. Deir sé go mbíonn Liam ceannasach (‘bossy’) le linn a gcluichí clóis agus go mbíonn sé de shíor ag smachtú an rogha cluichí a bhíonn á imirt acu agus an chaoi a imríonn siad.

Tá na Naíonáin Shóisearacha, Naíonáin Shinsearacha agus Rang 1 go léir sa seomra ranga céanna. Mothaíonn Frank go dtarlaíonn an rud céanna go minic le linn gníomhaíochtaí comhoibritheacha ranga. Tá sé tugtha faoi deara ag tuismitheoirí Frank go mbíonn sé imníoch agus duairc faoin scoil, agus déanann a thuismitheoirí iarracht scileanna a thabhairt dó le bheith treallúsach maidir le súgradh. Deir sé go minic go mbíonn Liam ‘gránna’ leis ach ní féidir leis samplaí nithiúla a léiriú.

Toisc go raibh imní ar a thuismitheoirí faoin scéal, chuaigh siad i dteagmháil lena mhúinteoir, an Máistir Ó Liatháin. Thuairiscigh an Máistir Ó Liatháin coimhlint phearsantachta idir an bheirt bhuachaillí agus dúirt sé go raibh bearta curtha i bhfeidhm aige chun Frank a spreagadh chun imirt le daltaí eile sa rang. Go hiondúil, teastaíonn ó Frank an príomhchluiche ranga a imirt, rud a chiallaíonn go mbíonn sé ag imirt le Liam go minic. Tá Frank ag éirí níos buartha ní amháin faoin scoil ach freisin faoi chomhthéacsanna eile ina bhféadfadh sé casfadh le Liam – pobal beag atá ann agus tá sé deacair é a sheachaint.

**Cás B:**

Is buachaill 10 mbliana d’aois é Sam. Tá sé rang a 5 i scoil tuaithe ina bhfuil pobal a sheasann go dlúth lena chéile. Is é Sam an duine is óige de cheathrar leanaí agus tá a dheartháir is sine aerach. San am thart, dúirt Alex, dalta eile sa rang, rudaí diúltacha leis maidir le claonadh gnéasach a dhearthár. Thug an múinteoir ranga aghaidh ar na ráitis seo go neamhfhoirmiúil de réir mar a tháinig siad chun cinn.

Le linn cluiche sacair sa chlós, theip ar Sam le cic éirice ríthábhachtach agus chaill a fhoireann an cluiche dá bharr. Thosaigh Alex ag béicíl ar Sam. Thug sé fear caillte na himeartha air agus dúirt sé os ard gur dócha go bhfuil Sam ‘aerach’ cosúil lena dheartháir. Ba léir go raibh Sam suaite agus go raibh náire air agus rinne sé iarracht imeacht. Lean Alex é go dtí an taobhlíne agus thug sé sonc sa droim dó, é ag cur an milleán air as an gcluiche a mhilleadh. Cé gur iarr daltaí eile ar Alex stop a chur lena iompar, lean Alex ar aghaidh ag cáineadh Sam a bhí anois caoineadh. Rinne an múinteoir a bhí i bhfeighil idirghabháil ach bhuail an clog chun dul go dtí an líne. An lá dár gcionn, agus foireann á roghnú ag na leanaí, dúirt Alex os ard ‘Bhuel, ná roghnaigh Sam, níl sé aon phioc níos fearr ná na cailíní, díreach cosúil lena dheartháir’. D’fhág Sam an pháirc agus lagmhisneach air. D’inis dalta eile don mhúinteoir faoin eachtra.

**Cás C:**

Is cailín 9 mbliana d’aois í Claire agus freastalaíonn sí ar rang uathachais ina bunscoil. Go minic bíonn Claire ag iarraidh í féin a rialú, déantar é sin i bhfoirm bualadh láimhe. Bíonn sí mar chuid dá rang príomhshrutha gach seachtain dá gceacht amharcealaíon. Bhí tionscadal drámh-ealaíne á dhéanamh ag an rang, i mbeirteanna. Nuair a ghlaoigh an múinteoir ranga ainmneacha na ngrúpaí amach chas Sandra, atá cuireadh le Claire mar pháirtí, a súile in airde agus rinne sí aithris dá cara is fearr ar an nós rialaithe a bhíonn ag Claire.

Nuair a shuigh Claire ag an mbord le Sandra, bhog Sandra a cathaoir chomh fada ó Claire agus ab fhéidir agus chas sí a droim le Claire. Chuir an múinteoir ranga, a chonaic é seo, fios ar Sandra chun labhairt léi ag a deasc. D’fhill Sandra ar a bord agus arís eile, chuir sí a súile in airde agus shuigh sí chomh fada ó Claire agus ab fhéidir léi.

An tseachtain dar gcionn agus an rang ag tosú ag obair arís ar a dtionscadail, bhí Claire agus Sandra ag obair le chéile arís. Rinne Claire a lámh a shíneadh chun roinnt de na hábhair ealaíne a fháil agus sciob Sandra óna lámh iad ag rá, 'Bhí mé chun an cairtchlár sin a úsáid, faigh do chairtchlár féin'. Chas Sandra i dtreo a cara arís, í ag geáitsíocht agus ag déanamh aithrise ar nósmhaireacht Claire agus í ag scigmhagadh taobh thiar dá lámh. Thug Claire é seo faoi deara, d'éirigh sí corraithe agus tharraing sí gruaig Sandra. Rinne a CRS idirghabháil agus chuir sí in iúl don mhúinteoir ranga.